Beathaisnéis Gearr Máistir Ching Hai

Rugadh Máistir Ching Hai i Bhietnam. Nádúraí dea-chlúiteach A hathair, agus bhí dúil aige sa litríocht go speisialta i nithe fealsúnta. B'fhearr leis bheith ag plé le scríbhinní Lao Tzu agus Chuang Tzu: bhí na leabhair chéanna ar fáil do Máistir Ching Hai agus Í ag fás suas. In éineacht le téacsa Bhuddhaigh eile bhí siad uilig léite Aici sular imigh Sí ar scoil.

Ní raibh Máistir Ching Hai mar gnáth pháiste. Ba mhinic litríocht fealsúnach a léamh Aici, agus obair baile ar siúl ag páiste eile nó iad amuigh ag imirt. Tháinig imní ar A hathair, agus cheistigh sé Í féachaint ar thuigh Sí cad a léigh Sí. An freagra a fuair sé ná - "Gan an tuiscint, ní bheadh suim da laighead Agam ionta". Cé gur fhan sé imníoch, bhí sé sásta tacú Léi dá fhaid 's a theaspáin tuarascáil scoile dul chun chinn leanúnach i gcúrsaí staidéir.

Ainneoin gur Caitlicigh A tuismitheoirí bhí sórt eolas aca ar Bhuddhachais. Buddhach í sean mháthair Máistir Ching Hai, agus bhí an-chion ag an Máistir di toisg gur uaithi d'fhoghlaim Sí na scrioptúir agus adhradh Buddhach. Le cúlra mar seo ag Máistir Ching Hai, saothraigh Sí dearcadh oscailte ar religiúin eile. Bhíodh Sí ag aifreann ar maidhin, i dteampaill Bhuddhaigh san iarnóin, agus an tráthnóna caithe ag éisteacht

le léachtaí ó na teagaisg naofa. D'fháig sin Í le ceisteanna spioradálta mar - "Cad as a thángamar? An bhfuil beatha ann tréis báis? Cén fáth an difríocht mhór idir daoine?"

Tráth i ndiaidh scoile thug an Máistir lámh cúnta don ospaidéil sa dúiche Féin toisg easpa doctúirí agus banaltraí. Ag nígh othair, taoscadh pana-leapa agus ag dul ar theachtaireachtaí, an obair a rinne Sí chun fuascailt péin a thabhairt dóibh. Ní haon ionadh go glaotar "Buddha beo" agus "an naomh ait" Uirthi ag a cáirde ar fúd an domhain mar aithníonn siad go bhfuil greann ann chomh maith le cineáltas do chách.

Tá grá Aici do ainmhithe agus má fheiceann Sí beithíoch 's é gortaithe, thógfadh Sí abhaile é chun aire agus solás a thabhairt dó. Má chíonn Sí duine ag marú ainmhí, thosnódh Sí ag gol ar an toirt, agus Í ag guí go háiféalach nach bhféadfadh Sí cosg a chur leis. Mar fheoilséantóir, cuireann marú fir nó ainmhithe déistin Uirthi, agus an mothú chéanna i dtaobh feoil.

Agus Í óg, dúirt astralaí le Máistir Ching Hai go raibh sár intleacht Aici, agus neart diongbháilteacht agus moráltacht ag dul leis. Bhí sé tuartha (agus é ráite arís 's arís eile thar na blianta) go raibh dhá chasáin roimpi - an chéad cheann go ndúilteodh Sí an saol seo ionas ard tuisceanacht a shaothrú Di Féin, agus an dara cheann go bpósfadh Sí fear chéile iontach, agus go mbeadh gaolmhaireacht shona aca.

Nuair a bhí Máistir Ching Hai i gclochair mar nuasachán, chuaigh a máthair go dtí teampaill Quan Yin ag lorg comhairle. Sa teampaill seo bhí Avalokitesvara Bodhisattva agus é ráite 'na thaobh go bhfaighfá freagra uaidh ach amháin tú bheith id' leantóir macánta. Dúradh léi- "Sí an Máistir an páiste atá agat-sa, páiste i mbilliúin le huaisleacht as an gnách. Tá Sí tagaithe ar an saoil seo mar fhógróir Quan Yin chun an duine mothaitheach a chur ar an mbóthair ceart."

D'oibrigh Sí tamaill sa Gearmáin mar aistritheoir don Crois Dheirg, agus d'aistrigh Sí Bhietnaiméis, Fraincís, Gearmáinis, agus Béarla. Chaith Sí achar fada ag obair go deonach le dídeanaithe Bhietnaiméiseach, agus ba bheag nar chuir Sí a sláinte i mbaol. Dhéan Sí teagmháil le dídeanaithe ó tíortha eile freisin, agus léirigh siad go rialta don Máistir Ching Hai an fulaingt agus an ciréip de dheasca cogaidh agus timpiste nádúrtha. Tharraing na rudaí seo gruaim croí ar Máistir Ching Hai go háraithe is gan réiteach ortha, ach chonaic Sí nach bhféadfadh duine aonair stop a chur le fulaingt an chine daonna. Tiomáineadh i dtreo an léargais aigne Í mar is ann a cheap Sí go raibh an leigheas. Is san Eoraip a chleachtaigh Sí an dian machnamh i ndáiríre. Léigh Sí leabhair i ndiaidh leabhair, d'éist Sí le múinteoirí nua, agus bhain Sí triail as módhanna éagsúla spioradálta. Cheap Sí go minic go raibh teipthe Uirthi ó nach raibh teacht ar taithí an feiniméan spioradálta atá sna scrioptúir nó an staid léargasach bainte amach Aici. Níor lig Sí do na smaointí seo Í a chur as treoir.

Tá dearcadh omósach ar gach uile creidimh ag an Máistir Ching Hai. Is tréis mion staidéir a dhéanamh ar dtús ar ráitis

Íosa, Buddha, Lao Tzu agus diagairi eile gur thosnaigh Sí á theagasc. Bíonn Sí de shíor ag cur síos ar cosúlachtaí atá i saothair na mór-teagascóirí, agus soiléiríonn Sí conas mar atá an fhírinne á chur treasna chugainn ag na Máistrí. Go minic míníonn Sí conas a éiríonn éagsúlacht agus tuairimí conspóideacha i gcúrsaí creidimh agus 'sé an cúis dar Léi, go mbíonn deifir radharc ag daoine ó am go ham ó thír go tír, agus o aois go haois.

Phós an Máistir Ching Hai Gearmánach agus Í sa tír sin. Eolaí ard-chéimeach ba ea é, agus fear cineálta, aireach, agus taca mhór dá mhnaoi a bhí ann. Do thiompaigh sé 'na fheoilséantóir, thaistil sé ar oilithreachtaí len a bhean, agus chabraigh sé Léi ar obair carthanachta. Sa deireadh, chreid Máistir Ching Hai go gcaithfidh Sí éalódh ón staid pósta chun A aidhm spioradálta a chomhlíonadh. Rinneadh cíorú ar an bhfadhb thar tréimhse fada ag an mbeirt aca, agus nuair a tháinig an scaradh ghlac sé go dea-bhéiseach leis. Cinneadh sár chrua dóibh é, ach bhí a fhios Aici gurb'é an cinneadh ceart ó thug sé an t-am Di dul ar thóiríocht an léargas aigne.

Is anois a dhéan Máistir Ching Hai tréan iarracht módh foirfe a lorg chun fuasgailt aigne a aimsiú lena linn. Ins an Surangama Sutra, tá sé ráite ag Sakyamuni Buddha gurb'é Módh Quan Yin an módh is fearr, ach níor chuala A múinteoirí trácht air riamh. Ar an mbóthair arís Léi, ag cuardach i ngach áit thar na blianta fada go dtí gur bhuail Sí le Máistir ó na Himalayas a thionscnaigh Í i Módh Quan Yin, agus a thug Di an Seoladh Comhachta Diaga a bhí á lorg Aici le fada. Tréis cleachtach tamaillín Quan Yin bhí léargas lán

tugtha Di, agus lean Sí ag cleachtadh chun biseach tuisceanta a bhaint amach. Mar sin a d'fhan Sí le cleachtadh laethúil san Himalayas. Lá amháin d'fhág Sí na sléibhte agus chuaigh ó dheas.

Tráthnóna amháin i rith tíofún agus Í ag machnamh istigh sa tseomra cóngarach don teampaill bhig i dTaiwan, bhailigh scata ag A dorais. D'fhiafraigh Sí cad a bhí uatha agus an freagra a thugadar ná- "Quan Yin Bodhisattva (Bandia na Trócaire) a chomhairligh, agus sinne ag urnaí chuici, gur tusa an Máistir, agus ba cóir guí Ortsa chun módh fuasgailt aigne a fháil." Ní fhéadfadh an Máistir iad a chur ón dorais toisg an macántacht agus deabhóid a theaspánadar agus bhí Sí toilteannach glacadh leo mar baill tréis cúpla mí chaite ag íonglanadh, agus ar choinníoll go n-aistreodh siad 'na fheoilséantóirí.

Cothúil ó nádúir, ní raibh fonn teagasc ar an Máistir Ching Hai ná teagmháil leo san agus tionscnamh a teastail uatha. Rith Sí ó na daoine sin san Ind, agus freisin sna Státaí Aontaithe, áit 'nar chait Sí seal mar bheanrialta Bhuddhach agus saol neamphostúil Aici. Nuair a "fionnadh" Í don triú uair i dTaiwan, thuigh Sí gan rith a thuilleadh óir go raibh dualgaisí dosheachanta roimpi amach. Do scaip Sí scéal na Fírinne i ngach áit, agus thosnaigh Sí ag múineadh Módh Quan Yin d'aon macléinn dáiríre a éiligh é.

Is iad an dream seo ar dtús a chuir an focal amach ar fúd Taiwan ar an obair á dhéanamh ag Máistir Ching Hai. Tá formhór lucht leanúna an Máistir i dTaiwan mar is ann a chait

Sí an cuid is mó Dá saoil. Le déanaí tá roinnt blianta chaite Aici ag taistil agus ag teagasc san Áis, na Státa Aontaithe, Meiriceá Laidneach, agus san Eoraip. Tá alán daoine ó cúlra creidimh agus gairm éagsúla, agus breis spioradáltacht curtha i gcrích aca le cabhair on Máistir. Cé nach bhfuil eagraíocht foirmiúil ann chun an teagasc agus scríbhinní a craobhscaoileadh, tá lucht leanúna agus deisceabail i ngach tír ar domhain i mbun an taisc seo ar son a Máistir onórach.

Maraon le na mílte do-áirithe a bhain tairbhe as teagasca spioradálta agus tionscnaimh Máistir Ching Hai, leis an spionnadh as cuimse Aici bíonn Sí de gnáth ag cabhrú leosan atá ag ful aingt agus i ngátar. Thar na blianta tá iarrachtaí daoncháirdiúil an Máistir tréis rian a fhágaint ar shaoil na milliúin 's níos mó daoine ar fúd an domhain. Ní dhéanann Sí idirdhealú eatortha atá ag fulaingt aineolas spioradálta, an bochtanas, nó sáite i ndroch staid gan ealódh.

Ag breathnú ar gníomhaíocht daoncháirdiúil Máistir Ching Hai le roinnt blianta anois, is féidir a lua an cabhair a thug Sí do dhaoine gan teach ná dídean sna Státa Aontaithe; íobartaigh tine i Cálifornía; íobartaigh flood i meán iarthar Státa Aontaithe, lárnach 's oirthear ndeiscirt na Síne, an Mhalae, Au Lac, an Ollainn, an Bheilg, 's sa Fhrainc; an cnagaosta i mBrasil 's gach mí-ádh ag rith leo; daoine curtha as baile ag brúchtadh Ard Pinatubo i n-Oileáin Philipíneacha; íobartaigh matalaing i dtuaiscirt Thailainn; clanna na mbochtán i bhFormósa agus i Singapore; na lobhair i Molokai 's Hawaii; pobail spioradálta san Ind, sa Ghearmáin, agus in Uganda; clanna na bpáistí mallintinneach i Hawaii; íobartaigh

ó chrith talún Los Angles; sean-saighdiúirí sna Státaí Aontaithe; dílleachtlanna in Au Lac; ionaid taighde leighis ar S.E.I.F. agus ar ailse i Meiriceá; agus alán lán samplaí eile. Ar ndóigh, ní foláir dúinn trácht frisin ar obair gan sos gan staonadh atá ar siúl ag Máistir Ching Hai ag cabhrú le dídeanaithe Au Lac sna campaí agus ar an dtaobh amuigh.

Cé nach raibh sé á lorg Aici, tá aitheantas agus onóracha tugtha Di ag alán tíortha agus rialtais ar fúd an domhain de bharr A obair daoncháirdiúil. Mar shampla, i nDeireadh Fómhair 25ú, 1993 d'fhógríodh "Lá Máistir Ardcheannasach Ching Hai" ag méara Honolulu i Hawaii, agus i bhFeabhra 22ú, 1994 tugadh an onóir chéanna Di ag gobharnóirí na Státaí, Illinois, Iowa, Wisconsin, Kansas, Missouri agus Minnesota Bhi. Gradam faoi leith tagtha Di nuair a bhronnadh an "Duais Siochain Domhanda" Uirthi i Honolulu, agus i bhFeabhra 22ú, 1994 nuair a fuair Sí an "Duais ceannas Spioradálta Domhanda" ó gobharnóir Illinois i Chicago. Ar an lá chéanna, sheoladh teachtaireachtaí comhgháirdis Chuicí ó morán taoisigh 's tíortha sa domhain.

Ar na mallaibh thug an Máistir Ching Hai deis don scóip cruthaitheach an áillneacht istigh Inti a tharraingt amach. Is féidir liosta fada a dhéanamh de shaothair cruthaitheach an Máistir idir pictiúirí daite, geoláin maisithe, lampaí, ornáidíocht inmheánach, garraíodóireacht tírphictiúir, dearadh éadaigh, filíocht, cúmadh ceoil 's amhráin srl. Tá an chuid is mó dos na rudaí seo ar fáil chun airgead a churinniú d'obair an Máistir.

Mheabhraigh an Máistir Ching Hai dúinn nach raibh léargas Aici i gcónaí. Taobh amuigh de chúrsaí chreidimh, tá saol gná duine Aici, agus Í cleachtach ar gná fhadhbanna mar pian, ainmhian, dúil, agus amhras. Is eolach Í ar ríochtaí an Bhuddacht ar Neamh, agus conas is féidir dul ann. Is é gairm ó Dhia amháin atá Aici ná sinne a mhúscailt ón ár bhfulaingt agus easordú, agus a threoiriú i dtreo an Aoibhnis agus Lánsoiléireacht an Tuiscint Iomlán Diaga. Má tá tú réidh, tá Sí anseo chun thú a bhreith don ait sin.

Is cuma cén cultúr nó cúlra as a dtagann na héisteoirí nó pé Críostaithe, Moslemigh, Buddhaigh nó Taosaigh iad, beidh an léacht a thabhairt ag Máistir Ching Hai oiriúnach dóibh. Labhrann Sí Sínis agus Béarla, Fraincís, Gearmáinis agus Bhietnaiméis chomh maith. Cuirtear fáilte roimh gach aon duine gur mian leo an Módh Quan Yin a fhoghlaim agus a chleachtadh i gcomhluadar Máistir Ching Hai, agus tionscnamh uatha. Bíonn A léachtaí agus an tionscnamh ar fáil saor in aisce.